**2015. M99T**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2015**

## STAIR – ARDLEIBHÉAL

### RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS DHÉANACH, 1815-1993

**An scrúdú scríofa: 400 marc**
**An Tuarascáil ar an Staidéar Taighde a seoladh isteach roimh ré: 100 marc**

### DÉ CÉADAOIN, 10 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 - 4.50

***Treoracha d'iarrthóirí:***
Tabhair faoi Ranna 1, 2 agus 3 istigh a fhreagairt.

- **Roinn 1 (100 marc)**

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (Éire: Topaic 3)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (100 marc)**

Éire: Topaicí 1, 2, 4, 5, 6.
Freagair ceist amháin as topaic amháin.

- **Roinn 3 (200 marc)**

An Eoraip agus an domhan mór: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair ceist amháin as gach ceann den dá thopaic a roghnaíonn tú.

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*Éire: Topaic 3*
**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949**

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid:
***Comhdháil Chorp Chríost, 1932***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos:

1. (a) De réir dhoiciméad A, cén fáth a dtabharfaidh na mílte cuairt ar Bhaile Átha Cliath an bhliain dár gcionn?

   (b) De réir dhoiciméad A, céard a dhéanfadh náisiún féimhithe d'Éirinn?

   (c) Conas a bhí na slumaí maisithe le linn na Comhdhála, de réir dhoiciméad B?

   (d) Cén sórt ábhar féachana a bhí ar fáil sna pictiúrlanna, de réir dhoiciméad B? (20)

2. (a) An bhfuil na cúinsí maireachtála i mBaile Átha Cliath sásúil, de réir an dá dhoiciméad? Tabhair cúiseanna le do fhreagra bunaithe ar an dá dhoiciméad.

   (b) An aontófá gur mian le scríbhneoirí an dá dhoiciméad ábharthacht cúrsaí reiligiúin a fheiceáil sa saol poiblí? Tabhair cúiseanna le do fhreagra bunaithe ar an dá dhoiciméad. (20)

3. (a) An ndéarfá, ar an mórgóir, go bhfuil idir fhíricí agus thuairimí i ndoiciméad A? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

   (b) Seachas tithíocht, cad iad na ceisteanna eile nár mhór aghaidh a thabhairt orthu, de réir scríbhneoir dhoiciméad B? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (20)

4. Cén tábhacht a bhain le Comhdháil Chorp Chríost, 1932? (40)

## - Doiciméad A -

**I mí Iúil 1931, scríobh an tOllamh R. M. Gwynn ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, litir oscailte chuig William T. Cosgrave, ceannaire rialtas na hÉireann. Foilsíodh í in *The Irish Times* ar an 13 Iúil 1931. Seo sliocht coimrithe aisti.**

Tá fáilte le cur roimh na mílte go Baile Átha Cliath an bhliain seo chugainn do Chomhdháil Chorp Chríost. Is den chiall glacadh leis go mbeidh cuairteoirí ann a mbeidh suim faoi leith acu sa chaoi a gcuirtear reiligiún i bhfeidhm sa saol.

A Uasail Cosgrave, conas a thabharfaidh tú aghaidh orthu nuair a fhiafróidh siad, "Cad is brí, sa chathair uasal seo, leis na tionóntáin bhrocacha a shíneann ar feadh na mílte slí, leis na hacraí de chlóis slumaí? Cad atá á dhéanamh chun deireadh a chur leo?" An féidir a shamhlú nach bhfuil aon bhá agat le do chomhshaoránaigh a bhfuil orthu – athair, máthair agus ceathrar páistí – codladh in aon leaba amháin i seomra a chaithfidh feidhmiú freisin mar chistin, mar sheomra suí agus mar theach níocháin?

Mura féidir linn áit chónaithe réasúnta, den chineál is simplí, a chur ar fáil don fhear oibre atá sásta obair a dhéanamh agus sciar réasúnta dá thuarastal a íoc ar chíos, is náisiún féimhithe muid gan aon agó – féimhithe ó thaobh airgeadais agus státaireachta araon.

An inseoidh tú dúinne, do chomhshaoránaigh, agus atá mar chomh-Chríostaithe agat chomh maith, cé mhéad a chosnódh sé orainn an dualgas soiléir atá orainn a chomhlíonadh agus malairt tithíochta a chur ar fáil do na bochtáin? Sa bhliain 432 tháinig Pádraig Naofa anseo chun Críostaithe a dhéanamh dár sinsir; in 1932 taispeánaimis go bhfuil níos mó i gceist lenár gCríostaíocht ná ainm.

## - Doiciméad B -

**Tuata Caitliceach mór le rá ab ea an tOllamh Alfred O'Rahilly ó Choláiste na hOllscoile, Corcaigh. Seo sliocht coimrithe as alt a scríobh sé ina ndearna sé machnamh ar an saol in Éirinn in aimsir Chomhdháil Chorp Chríost. (*The Catholic Mind*, Iúil 1932).**

Níl ort ach féachaint timpeall ar chathair Bhaile Átha Cliath nó ar aon bhaile mór eile, go fiú. Féach ar na slumaí gránna ina n-iarrtar ar ár ndeartháireacha agus ar ár ndeirfiúracha saol teaghlaigh Críostaí a chaitheamh. Smaoinigh orthu siúd atá ar ghannphá agus orthu siúd atá dífhostaithe. An bhfuil slumaí inghlactha mar go raibh siad maisithe le bratacha le linn na Comhdhála? An féidir cathair a bhfuil cultúr Caitliceach inti a thabhairt ar Bhaile Átha Cliath de bhrí gur bhailigh milliún againn ansin i gcomhair Aifrinn?

Féach ar na siopaí agus feic a dtugtar dár ndaoine le léamh. Téigh isteach i bpictiúrlanna agus féach ar an ábhar neamhealaíonta gan phrionsabal atá á dhoirteadh isteach inár n-intinní.

Tá cumas eagraithe ionainn gan bréag ar bith, faoi mar a léirigh an Chomhdháil. Is trua nach bhféadfaimid cuid den spiorad sin a fháil lasmuigh d'am Comhdhála! Is é an trioblóid, áfach, go bhfuilimid tar éis glacadh lenár gcúinsí sóisialta mar thoradh dosheachanta ar thoil Dé – seachas mar mhallacht.

Nach muid atá cúramach reiligiún a choinneáil amach as cúrsaí "gnó"? Cé chomh minic is a chloisimid Imlitir ón bPápa á lua i saol poiblí na hÉireann? Agus má bheartaíonn aon duine eagraíocht atá bunaithe ar phrionsabail Chaitliceacha a thabhairt isteach i gcúrsaí tionsclaíochta, áirítear mar chancrán é.

## ROINN 2: ÉIRE

**Freagair ceist amháin as ceann amháin de na topaicí thíos.**

*Éire: Topaic 1*

### Éire agus an tAontas, 1815-1870

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na príomhfhorbairtí sóisialta agus eacnamíochta a tharla in Éirinn, 1815-1870? (100)
2. Cén fáth nár éirigh le Dónall Ó Conaill Aisghairm Acht an Aontais a bhaint amach? (100)
3. Cé chomh héifeachtach is a bhí freagairtí rialtais agus príobháideacha don Ghorta Mór? (100)
4. Cad a chuir William Carleton agus/nó an Cairdinéal Paul Cullen le gnóthaí na hÉireann? (100)

*Éire: Topaic 2*

### Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. An aontófá, ar an mórgóir, gur theip ar ghníomhréimeanna polaitiúla Butt agus Parnell? (100)
2. Cén tionchar a bhí ag an gcorraíl faoi chúrsaí talún agus le leasú chóras na talún, 1870-1909? (100)
3. Conas a chuir Aontachtaithe i gcoinne féinrialú d'Éirinn agus cén fáth? (100)
4. Cad a chuir ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas le gnóthaí na hÉireann: Cumann Lúthchleas Gael, 1884-1891; an ghluaiseacht vótála; bunpháirtí Shinn Féin? (100)

*Éire: Topaic 4*

### Diaspóra na hÉireann, 1840-1966

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén ról a bhí ag Grosse Isle i stair na heisimirce as Éirinn? (100)
2. Cén pháirt a ghlac ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas i ngnóthaí na Stát Aontaithe: na Molly Maguires; Boss Croker; Joe Kennedy? (100)
3. Conas a rinne eaglaisí Protastúnacha agus/nó an tOrd Oráisteach iarracht féiniúlacht Ultach-Albanach a chothú i measc eisimirceach? (100)
4. Ón staidéar atá déanta agat ar na hÉireannaigh thar lear le linn na tréimhse 1840-1966, cad a d'fhoghlaim tú faoi thábhacht duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas: An tEaspag Edward Galvin; Maureen O'Hara; Domhnall Mac Amhlaigh? (100)

*Éire: Topaic 5*

**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. An aontófá gur tharla roinnt mhaith athruithe sóisialta agus eacnamaíochta i dTuaisceart Éireann, 1949-1969, ach nár tharla aon athrú polaitiúil? (100)
2. Cad a chuir Terence O'Neill agus/nó Ian Paisley le gnóthaí Thuaisceart Éireann sa tréimhse go dtí 1993? (100)
3. Cad a bhí i gceist le Comhaontú Sunningdale agus cén fáth ar chlis ar an bhfeidhmeannas comhroinnte cumhachta, 1973-1974? (100)
4. Cad iad na bealaí ina raibh tionchar sóisialta agus eacnamaíochta ag na "Trioblóidí" agus/nó ar tharla freagairtí cultúrtha dá mbarr? (100)

*Éire: Topaic 6*

**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a d'fhorbair an caidreamh Angla-Éireannach sa tréimhse, 1949-1989? (100)
2. Conas a d'fhreagair T. K. Whitaker agus Seán Lemass do na dúshláin a bhí ann lena linn? (100)
3. Cén tionchar a bhí ag an mbaint a bhí aici le CEE, 1973-1989, ar Phoblacht na hÉireann? (100)
4. Le linn na tréimhse 1949-1989, cad iad na forbairtí a tharla i gceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: oideachas; stádas na mban; craoltóireacht? (100)

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

**Freagair ceist amháin as gach ceann de dhá cheann de na topaicí thíos.**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

### An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad a bhí i gceist le córas Metternich agus cé chomh mór agus a bhí sé faoi ionsaí, 1815-1848? (100)
2. Cad iad na hathruithe a tharla sa talmhaíocht agus sa tionsclaíocht, 1815-1871? (100)
3. Le linn na tréimhse 1815-1871, conas a d'fhorbair pleanáil chathrach, ag tagairt go háirithe do Pháras Haussmann? (100)
4. Le linn na tréimhse 1815-1871, cad iad na constaicí a bhí sa bhealach ar aontú na hIodáile agus cé chomh mór agus a sáraíodh iad? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

### Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Le linn na tréimhse 1871-1914, conas a chuir ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas leis an teannas idirnáisiúnta: coimhlintí coilíneacha; polasaí cabhlaigh Wilhelm II; an tSeirbia agus a comharsana? (100)
2. Cén tionchar a bhí ag géarchéimeanna eacnamaíochta agus ag cogaí ar an Rúis Shárach? (100)
3. Conas a láimhseáil stáit Eorpacha a gcaidreamh leis na heaglaisí agus/nó le mionlaigh reiligiúnacha mar na Giúdaigh le linn na tréimhse 1871-1914? (100)
4. Le linn na tréimhse 1871-1920, cad iad na forbairtí a tharla i gcás ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas: an gluaisteán; an eolaíocht agus an teicneolaíocht; an mhíochaine? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

### Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad iad na fadhbanna sóisialta agus eacnamaíochta a bhí ag an nGearmáin, 1920-1939, agus conas a chuathas i ngleic leo? (100)
2. Conas a bhain Mussolini agus/nó Stailín úsáid as bolscaireacht agus sceimhle chun fanacht i gcumhacht? (100)
3. Cé chomh mór agus a bhain polasaí eachtrach Hitler, 1933-1939, le tús a chur leis an Dara Cogadh Domhanda? (100)
4. Cad iad na fadhbanna sóisialta agus eacnamaíochta a bhí ag an mBreatain sna blianta idir an dá chogadh domhanda agus/nó cén tionchar a bhí ag an Dara Cogadh Domhanda ar a gnáthphobal? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

## Easaontas agus athailíniú san Eoraip, 1945-1992

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Conas a chuaigh gluaiseacht i dtreo aontú, 1945-1957, agus/nó Géarchéim na hOla in 1973 i gcion ar an Eoraip? (100)
2. Cé chomh héifeachtach agus a bhí iarrachtaí Nikita Khrushchev agus/nó Mikhail Gorbachev maidir leis an Aontas Sóivéadach a leasú? (100)
3. Cén tábhacht a bhain le duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas: Simone de Beauvoir; Margaret Thatcher; Jacques Delors? (100)
4. Le linn na tréimhse 1945-1992, cad iad na hathruithe a tharla i gcleachtadh reiligiúnach agus/nó i gcultúr na hóige agus an phobail (spórt san áireamh)? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

## Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén tábhacht a bhain le haistarraingt na Breataine ón India don dá thír? (100)
2. Cén tionchar a bhí ag polasaí ujamaa Julius Nyerere agus/nó Coinbhinsiúin Lomé? (100)
3. Cé chomh mór agus a tháinig sochaí ilchiníoch chun cinn sa Bhreatain agus sa Fhrainc, 1945-1990? (100)
4. Cén tábhacht a bhain le duine amháin nó níos mó díobh seo a leanas: David Ben-Gurion; Gamal Abdul Nasser; Nadine Gordimer? (100)

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

## Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Le linn na tréimhse 1945-1989, cén tábhacht a bhain le ceann amháin nó níos mó díobh seo a leanas do pholasaí eachtrach na Stát Aontaithe: Beirlín; an Chóiré; Cúba? (100)
2. Cén fáth ar tharla baghcat bus Montgomery (1956), conas a cuireadh i bhfeidhm é, agus cé chomh maith agus a d’éirigh leis? (100)
3. Cad a bhí i gceist leis an Aisling Mheiriceánach agus cé chomh mór agus a léiríodh í sa saol sna Stáit Aontaithe, 1945-1989? (100)
4. Le linn na tréimhse 1945-1989, cén dul chun cinn a rinne na Meiriceánaigh i dteicneolaíocht mhíleata, spáis agus faisnéise? (100)

Leathanach Bán